IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Tuarascáil Deiridh ón Oifigeach Éisteachta [1]

Cásanna AT.40462 – Amazon Marketplace agus AT.40703 – Amazon Buy Box

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 87/04)

1. Baineann an tuarascáil seo le dréachtchinneadh maidir le gealltanais de bhun Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle [2] (an "Dréacht-Chinneadh") arna dhíriú chuig Amazon.com, Inc., Amazon Services Europe SARL, Amazon EU SARL agus Amazon Europe Core SARL (dá ngairtear le chéile "Amazon"), agus baineann sé leis an dá imscrúdú seo a leanas a rinneadh faoi Airteagal 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE"):

   — cleachtais ghnó Amazon a ndearna an Coimisiún imscrúdú orthu faoi chás AT.40462 – *Amazon Marketplace*;

   — cleachtais ghnó Amazon a ndearna an Coimisiún imscrúdú orthu faoi chás AT.40703 – *Amazon Buy Box*.

Nós imeachta i scríbhinn i gcás AT.40462 – *Amazon Marketplace*

2. An 17 Iúil 2019, thionscain an Coimisiún imeachtaí i gcás AT.40462, de bhun Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ón gComhairle [3], chun imscrúdú a dhéanamh ar na cleachtais ghnó a bhaineann leis an úsáid a bhaineann Amazon as sonraí nach bhfuil ar fáil go poiblí, maidir le liostuithe agus idirbhearta díoltóirí tríú páirtí chun críocha a chuid oibríochtaí miondíola.

3. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, chuir an Coimisiún iarrataí éagsúla ar fhaisnéis de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán Uimh. 1/2003 chuig Amazon, chuig miondíoltóirí agus monaróirí, chuig oibreoirí margaidh agus chuig soláthraithe réiteach tríú páirtí.

4. An 10 Samhain 2020, ghlac an Coimisiún ráiteas agóidí ("Ráiteas Agóidí") arna dhíriú chuig Amazon. Tugadh fógra d'Amazon faoin Ráiteas Agóidí an 11 Samhain 2020.

5. Fuair Amazon rochtain ar an gcomhad trí bhíthin ghléas ríomhstórála an 13 Samhain 2020. Ní bhfuair an tOifigeach Éisteachta aon ghearán i ndáil le rochtain ar an gcomhad.

([1]) De bhun Airteagail 16 agus 17 de Chinneadh 2011/695/AE ó Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh an 13 Deireadh Fómhair 2011 maidir le feidhm agus téarmaí tagartha an oifigigh éisteachta in imeachtaí iomaíochta áirithe (IO L 275, 20.10.2011, lch. 29) ("Cinneadh 2011/695/AE").

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1) ("Rialachán Uimh. 1/2003").

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2004 maidir le stiúradh imeachtaí ag an gCoimisiún de bhun Airteagail 81 agus 82 de Chonradh CE (IO L 123, 27.4.2004, lch. 18) ("Rialachán Uimh. 773/2004").

6. An teorainn ama chun an freagra i scríbhinn ar an Ráiteas Agóidí a chur isteach, mar a leagtar síos ar dtús í sa litir chumhdaigh a ghabhann leis an Ráiteas Agóidí, tháinig deireadh léi an 25 Eanáir 2021. An 11 Nollaig 2020, d'iarr Amazon ar Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta ("AS na hIomaíochta") síneadh ama a chur leis an sprioc-am le haghaidh an fhreagra ó Amazon maidir leis an Ráiteas Agóidí. An 15 Nollaig 2020, chomhaontaigh AS na hIomaíochta síneadh a chur leis an teorainn ama le haghaidh freagra maidir leis an Ráiteas Agóidí go dtí an 1 Márta 2021.

7. Trí aighneacht an 15 Eanáir 2021 a cuireadh chuig an Oifigeach Éisteachta, d'iarr Amazon go gcuirfí síneadh ama lena sprioc-am chun freagra a thabhairt ar an ráiteas agóidí go dtí an 26 Aibreán 2021, de bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2011/695/AE. An 20 Eanáir 2021, i bhfianaise na n-argóintí a leag Amazon amach ina aighneacht, dheonaigh an tOifigeach Éisteachta ([4]) síneadh ama ar an sprioc-am go dtí an 31 Márta 2021.

8. Chuir Amazon a fhreagra ar an Ráiteas Agóidí isteach an 31 Márta 2021. Sa fhreagra i scríbhinn, níor iarr Amazon a chuid argóintí a fhorbairt in éisteacht ó bhéal.

9. Ní bhfuarthas ach iarraidh amháin ó thríú pháirtí – an eagraíocht tomhaltóirí BEUC – ar chead isteach mar thríú duine leasmhar sa chás, de bhun Airteagal 5 de Chinneadh 2011/695/AE. Thug an tOifigeach Éisteachta cead isteach do BEUC an 11 Samhain 2020. Chuir an Coimisiún BEUC ar an eolas i scríbhinn maidir le cineál agus ábhar an nós imeachta, i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 773/2004, agus fuair sé barúlacha ó BEUC i scríbhinn an 12 Feabhra 2021.

An nós imeachta i scríbhinn i gcás AT.40703 – *Amazon Buy Box*

10. An 10 Samhain 2020, thionscain an Coimisiún imeachtaí i gcás AT.40703, chun imscrúdú a dhéanamh ar chleachtais ghnó Amazon i ndáil leis (i) na coinníollacha agus na critéir lena rialaítear roghnú na tairisceana a thaispeántar sa "Buy Box" (an "tIompar a bhaineann leis an Buy Box") agus (ii) na coinníollacha agus na critéir lena rialaítear incháilitheacht díoltóirí tríú páirtí maidir le díol le Prime agus lena rialaítear incháilitheacht a dtairiscintí don lipéad Prime (an "tIompar a bhaineann le Prime").

11. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, chuir an Coimisiún iarrataí éagsúla ar fhaisnéis de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán Uimh. 1/2003 chuig Amazon, chuig oibreoirí margaidh, chuig oibreoirí meán sóisialta agus chuig soláthraithe réiteach tríú páirtí.

12. An 15 Meitheamh 2022, ghlac an Coimisiún Réamh-Mheasúnú de bhun Airteagal 9(1) de Rialachán 1/2003 ina leagtar amach ábhair imní an Choimisiún maidir le hiomaíocht i ndáil leis an Iompar a bhaineann leis an Buy Box agus an Iompar a bhaineann le Prime. Tugadh fógra d'Amazon faoin Réamh-Mheasúnú sin i litir dar dáta an 16 Meitheamh 2022.

An nós imeachta maidir le gealltanais i gcásanna AT.40462 agus AT.40703

13. An 8 Iúil 2022, chuir Amazon gealltanais (na "Gealltanais Tosaigh") faoi bhráid an Choimisiúin chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a leagtar amach sa Ráiteas Agóidí i gcás AT.40462 agus sa Réamh-Mheasúnú i gcás AT.40703.

14. An 20 Iúil 2022, foilsíodh fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* de bhun Airteagal 27(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003, fógra inar tugadh achoimre ar chásanna AT.40462 agus AT.40703 agus ar na Gealltanais Tosaigh agus inar iarradh ar thríú páirtithe leasmhara a mbarúlacha maidir leis na Gealltanais Tosaigh a sholáthar faoin 9 Meán Fómhair 2022.

15. An 20 Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún Amazon ar an eolas maidir leis na barúlacha a fuarthas ó thríú pháirtithe leasmhara tar éis fhoilsiú an fhógra.

16. An 22 Samhain 2022, chuir Amazon isteach togra leasaithe le haghaidh gealltanas (na "Gealltanais Deiridh").

17. Leis an Dréacht-Chinneadh déantar na Gealltanais Deiridh ceangailteach ar Amazon agus déantar amach ann nach bhfuil údair a thuilleadh le gníomhaíocht ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis na hábhair imní a leagtar amach sa Ráiteas Agóidí (i gcás AT.40462) agus sa Réamh-Mheasúnú (i gcás AT.40703).

([4]) Ba é an t-iarOifigeach Éisteachta a bhí i bhfeighil an cháis, an tUasal Wouter Wils, a rinne an cinneadh.

18. Ní bhfuair mé aon iarraidh ná aon ghearán faoin nós imeachta maidir le gealltanais de bhun Airteagal 15(1) de Chinneadh 2011/695/AE. Ar an iomlán, measaim gur urramaíodh feidhmiú éifeachtach na gceart nós imeachta sa chás seo.

An Bhruiséil, 13 Nollaig 2022.

Eric GIPPINI FOURNIER